Fógra Príobháideachta do Dhaltaí
Gráid Ríofa in Ardteistiméireacht 2020i bhfianaise scrúduithe na hArdteistiméireachta a bheith curtha siar

Cuspóir

Is iad seo a leanas na cuspóirí a bpróiseálann an Roinn na sonraí seo lena n-aghaidh:

- Próiseáil a dhéanamh ar iarratais ar an rogha gráid ríofa a fháil chun gur féidir dul ar aghaidh go tráthúil ón scolaíocht dara leibhéal go dtí fostaíocht, breisoideachas agus ardoideachas, i bhfianaise scrúduithe na hArdteistiméireachta a bheith curtha siar de bharr phaindéim Covid-19.
- Marc céatadáin measta agus áit san ord ranga a phróiseáil do dhaltaí i rang Ardteistiméireachta 2020 ar mhaithe le gráid ríofa a chur ar fáil.
- Do chuspóirí taighde agus staitistiúla na Roinne.

An bonn dlíthiúil

Airteagal 6(e) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (2016/679) agus Alt 38 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 agus Alt 7(1) den Acht Oideachais 1998.

Foinse

- Gach iarrthóir Ardteistiméireachta atá ag leanúint aon cheann de na trí chlár: An Ardteistiméireacht Bhunaithe, An Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus Gairmchlár na hArdteistiméireachta.
- Scoileanna agus ionaid oideachais eile a bhfuil daltaí dá gcuid tar éis cur isteach ar Scrúdú na hArdteistiméireachta 2020 (Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna, coláistí príobháideacha agus institiúidí agus foinsí eile nach bhfaigheann cistiú stáit).
- PPOD - An Roinn Oideachais agus Scileanna
- Bunachar sonraí Choimisiún na Scrúduithe Stáit

Catagóirí na n-ábhar sonraí

- Daltaí a chuir isteach scrúduithe na hArdteistiméireachta 2020

Catagóirí na sonraí pearsanta

- Scrúduimhir
- Clár .i. An Ardteistiméireacht Bhunaithe, An Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus Gairmchlár na hArdteistiméireachta.
- UPSP
- Uimhir Aitheantais na Roinne don Dalta
- Bliain
- Uimhir Rolla na Scoile
- Cineál na Scoile
- Sloinne
- Céadainm
- Inscne

- Dáta Breithe
- Cód ábhair
- Cód modúil
- Táscaire Gaeilge
- Seoladh
- Eircode
- Uimhir theileafóin
- Seoladh ríomhphoist
- Ábhar
- Leibhéal an Ábhair
- ID Ranga
- Marc Céatadáin Measta
- Áit san Ord Ranga
- Marc Ríofa
- Grád Ríofa
- Deimhniú maidir le coimhlint leas agus bainistíocht (más infheidhme)

Próiseáil bhreise

I gcás ina mbeartaíonn an Roinn do shonraí a phróiseáil chun cuspóir seachas na cuspóirí atá liostaithe thuas a chomhlíonadh, cuirfidh an Roinn eolas ar fáil duit roimh an phróiseáil bhreise ar an gcuspóir eile sin agus aon eolas ábhartha eile ar an ngníomhaíocht próiseála agus ar do chearta cosanta sonraí.

Faighteoirí na sonraí

Comhroinnt Sonraí

Is féidir sonraí a chomhroinnt leis na forais seo a leanas:

- An Foras Taighde ar Oideachas
- Polymetrika International Inc
- An Lár-Oifig Iontrála, an tÚdarás um Ardoideachas, agus institiúidí ardoideachais maidir le dul isteach san ardoideachas.
- Coimisiún na Scrúduithe Stáit, ar mhaithe le rochtain a thabhairt ar scrúdú na hArdteistiméireachta nuair a reáchtálfar é níos déanaí, rud a shocrófar nuair a bheidh sé sábháilte é sin a dhéanamh agus chun buantaifead thorthaí na nGrád Ríofa a choimeád mar chuid de thaifead Ardteistiméireacht 2020.
- An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta agus Comhlachtaí Aitheanta Bronnta Scoláireachtaí.

Is féidir go gcomhroinnfear sonraí, leis, le hoifigí iontrála ollscoile agus coláiste RA (UCAS) agus ina theannta sin ar iarratas ábhar na sonraí.

Tréimhse stórála

Coimeádfar sonraí na dtorthaí ar ghráid ríofa a phróiseálann an Roinn Oideachais agus Scileanna go ceann 100 bliain de bhrí go bhféadfadh sé go mbeidh cóip dá ndeimhniú oifigiúil stáit ar ghráid ríofa de dhíth ar an ngrúpa daltaí seo uair ar bith le linn a saoil. Coimeádfar na sonraí a fuarthas ó na scoileanna lena n-áirítear an marc céatadáin ríofa agus an áit san ord ranga a úsáideadh chun gráid ríofa a chur ar fáil go dtí go mbeidh deireadh leis an bpróiseas achomhairc agus scriosfar go slán iad

ina dhiaidh sin. Coimeádtar na sonraí chun leasa an phobail do chuspóirí taighde, stairiúla agus cartlainne.

Tríú tír

Cuireann an Lár-Oifig Iontrála eolas ar fáil do UCAS UK de bhrí go dtugann iarratasóirí Éireannacha ar UCAS a gcead do UCAS a gcuid torthaí a bhailiú ón Lár-Oifig Iontrála mar chuid den phróiseas iarratais. Tacaíonn Polymetrika International Inc le cuid den phróiseas caighdeánaithe seo maidir leis na gráid ríofa agus tá siad faoi cheangal oibriú de réir threoracha scríofa a gconartha próiseálaí leis an Roinn. I gCeanada atá ceannáras Polymetrika International Inc agus déantar sonraí a aistrítear ansin a chosaint faoi chaighdeáin leordhóthanacha cosanta sonraí faoi chinneadh leordhóthanacha AE (2002/2/EC).

Cearta Ábhar Sonraí

Gheofar eolas ar do chearta rochtana ar do shonraí ag https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/Information.html.

Ar aon dul le halt 56(1) den Acht um Chosaint Sonraí, (http://www.irishstatutebook.ie/eli/2018/act/7/section/56/enacted/en/html#sec56) níl sé indéanta freagra a thabhairt ar iarratais ar rochtain ar an ngrád measta go dtí go mbeidh na gráid ríofa eisithe ag an Roinn, agus glacfar leis go ndearnadh iarratais den sórt sin ar cibé dáta is déanaí de dháta chéad fhoilsiú na dtorthaí 'scrúdaithe' (.i. próiseas na ngrád ríofa), nó dáta an iarratais.

Ceart eile atá agat ná do shonraí a cheartú, srian a chur leis an tslí a phróiseáiltear iad nó agóid a dhéanamh in aghaidh modh próiseála na sonraí. Ní úsáidfear do shonraí le haghaidh cinnteoireacht nó próifíliú uathoibríoch, féach https://www.dataprotection.ie/en/individuals do Threoir an Choimisinéara Cosanta Sonraí i leith Cearta Ábhar Sonraí.

Is féidir nach mbeidh ar chumas na Roinne géilleadh do d'iarratas ar scriosadh i gcás ina bhfuil do shonraí faoi réir an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986, agus nach ndearnadh aon ordú chun an chatagóir sonraí seo a dhiúscairt faoin Acht sin, féach treoir ón gCartlann Náisiúnta

https://www.nationalarchives.ie/wp-content/uploads/2019/03/20190309Guidance-Note_GDPR_V4.pdf

Tá sé de cheart agat gearán a thaisciú leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí, féach

www.dataprotection.ie

Gheofar eolas eile ar an tslí a n-oibríonn an scéim seo ag

https://www.gov.ie/en/publication/2f07eb-leaving-cert-2020-information/#information-for-leaving-cert-students

Sonraí teagmhála

Is í an Roinn Oideachais agus Scileanna an rialaitheoir sonraí maidir le próiseáil do shonraí. Cuir aon cheist atá agat maidir leis seo ar Paddy Quinn ag Paddy.Quinn@education.gov.ie

Is féidir ríomhphost a chur chuig oifigeach cosanta sonraí na Roinne ag dpo@education.gov.ie nó scríobh leis an bpost chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna, aonad cosanta sonraí, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659.